

Cuntas Leithreasa 2017

Vóta 23

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23 ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus chostais an tÚdarás Clárúcháin Maoine.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachais don bhliain.

Dlítear farasbarr €1.36 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Ráiteas faoi shócmhainní caipitil – dímheas

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a dtréimhse mheasta úsáideachta ag tosú san chéad mhí a cuirtear i seirbhís iad.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Príomhfheidhmeannach an Údaráis. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúil do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- tá Choiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

Éilimh Chúitimh

Agus é i mbun a ghnáthghnóthaí, faigheann an tUdarás éilimh chúitimh faoi AH.120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964. Is féidir go n-eascródh éilimh mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil.

I mo Ráiteas maidir le rialú inmheánaigh airgeadais 2016, chuir mé béim ar líon beag cásanna clárúcháin a bhféadfadh éilimh a bheith ann faoi alt 120 d'Acht 1964. Deimhním nach ndearnadh aon chás eile den chineál céanna a aithint i 2017.

Leanaím le maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsú rialaithe i bpróiseáil iarratais ar chlárú. Bunaítear creat bainistíochta riosca an Údaráis ar ár straitéis frith-chalaoise chun a chinntiú go ndéantar an baol a bhaineann le héilimh chúitimh bhreise a mhaolú. Áirítear sna bearta sonracha a

- Tá Oifigeach Comhlíonta sannadh chun gníomhú go neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus tuairiscíonn go díreach dom mar Oifigeach Cuntasaíochta
- Bunaíodh aonad tiomnaithe chun gach cás den chineál céanna a phróiseáil dóibh siúd a d'eascair na héilimh seo. Cinntíonn an t-athrú sa phróiseas comhsheasmhacht cleachtais agus rialuithe feabhsaithe maidir le seirbheáil fógra
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar chreat frith-chalaoise an Údaráis agus tugann sé treoir do chur i bhfeidhm ár straitéise maidir le sláine na gclár a chothabháil, cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Údarás.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta Cinntíonn.
- An tÚdarás go ndírítear aird iomchuí ar an dea-chleachtas um cheannach agus go mbíonn nósanna imeachta ann chun comhlíonadh le gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Ghlac an tÚdarás leis na treoirlínte. Rinneadh cúig chonradh ar luach €378,000 a liostáil i mo thuairisceá n bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Déantar iad seo a bhriseadh síos mar seo a leanas:

- (a) Baineann 3 conradh ar luach €309,000 leis na seirbhísí atá ar fáil ó fhoinsé amháin agus amháin agus
- (b) Tá 2 chonradh ar luach €69,000 maidir le síntí conarthaí atá ann cheana féin

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontú leibhéal seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais d'fhoráil seirbhísí roinnte airgeadais. Braithim ar litir urrúis ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais go gcleachtar na rialaithe cuí i bhforáil sheirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Braithim freisin ar litir urrúis ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtaítear na rialaithe cuí i soláthar sheirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna don Roinn.

Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Údarás le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistíú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireacháin a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus leis an mBord Bainistíochta, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialaithe sin agus tuairisc a thabhairt.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an udarái le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

Elizabeth Pope
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

29 Márta 2018

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáiltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An bonn faoi mo thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2018

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Cuntas Leithreasa 2017

		2017	2016
		Toradh	Toradh
		Suim soláthraithe sa mheastachán	
		€000	€000
Caiteachas chláir			
A	Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú	28,291	28,799
Olliomlán		28,291	28,799
<i>Lúide</i>			
B	Leithreasaí-i-gcabhair	506	750
Glaniomlán		27,785	28,049

Farasbarr le géilleadh

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2017	2016
	€	€
Farasbarr le géilleadh	1,361,298	2,385,273

Elizabeth Pope

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine
29 Márta 2018

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

	2017	2016
	€000	€000
Pá	22,959	21,953
Neamhphá	4,153	6,846
Ollchaiteachas	27,112	28,799
<i>Lúide</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	688	750
Glaniomlán	26,424	28,049
Athraithe i sócmhainní caipitil		
Airgead tirim um cheannacháin	(612)	
Dímheas	401	
Caillteanas ar dhiúscairtí	—	(211)
		54
Athraithe i nglansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhraithe deiridh	2	
Laghdú ar stoc	37	
	39	105
Caiteachas díreach	26,252	28,208
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	6,823	4,994
Measchíosanna	2,861	2,861
Costas chláir ghlan	35,936	36,063

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Déantar suas an ghlanchaiteachais do sheirbhísí gaolmhara ó na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 23 a iompraíodh in áit eile.

	2017	2016
	€000	€000
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	m 5,946	4,340
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	m 708	488
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	m 62	54
Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	m 107	112
	6,823	4,994

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

Nóta 2 Ráiteas Maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	1,357	1,141
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	2,751	2,315
Stoic	2.4	177	214
Réamhíocaíochtaí		504	480
Ioncam Fabhraithe		6	5
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	42	36
Iomlán na sócmhainní reatha		3,480	3,050
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		174	142
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	2,752	2,407
Maoiniú dlite don Stáitchiste	2.7	41	(56)
Iomlán na ndliteanas reatha		2,967	2,493
Glansócmhainní reatha		513	557
Glansócmhainní		1,870	1,698
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú stáit	2.1	1,870	1,698

2.1 Cuntas maoiniú stáit

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		1,698	1,857
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar mheastacháin	Cuntas	27,785	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,361)	
Vóta glan		26,424	28,049
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1	6,823	4,994
Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna	1	2,861	2,861
Costas chláir ghlan	1	(35,936)	(36,063)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		1,870	1,698

2.2 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas ag 1 Eanáir 2017	34,671	3,691	38,362
Breiseanna	582	35	617
Diúscairtí	(206)	(2)	(208)
Athrangú	(5)	5	-
Costas ag 31 Nollaig 2017	35,042	3,729	38,771
Dímheas carnach			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017	33,707	3,514	37,221
Dímheas don bhliain	358	43	401
Dímheas ar dhiúscairtí	(206)	(2)	(208)
Athrangú	(5)	5	-
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017	33,854	3,560	37,414
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017	1,188	169	1,357
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016	964	177	1,141

2.3 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	638	716
Cuntais bhainc thráchtála	2,113	1,599
	2,751	2,315

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Stáiseanóireacht	125	128
Soláthairtí Ilghnéitheacha	10	9
Ábhar inchaiteTF	42	77
	177	214

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Táillí tógála athchúpála	42	36
	42	36

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	324	409
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	163	206
Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste	2,113	1,599
	2,600	2,214
Déaduchuithe párolla ar fionraí	127	168
Dlite don OOP	25	25
	2,752	2,407

2.7 Maoiniú dlite don Státchiste

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	1,361	2,385
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,320)	(2,441)
Maoiniú dlite (ó) / don Státchiste	41	(56)

Arna léiriú le:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	2,751	2,315
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	42	36
	2,793	2,351

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(2,600)	(2,214)
Iarmhéideanna creidmheasa ar fionraí	(152)	(193)
	(2,752)	(2,407)
	41	(56)

2.8 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	<u>49</u>	<u>20</u>

2.9 Dlíteanais aibithe

Bhí dlíteanais aibithe de luach €3,706 gan ghlanadh ag deireadh 2017 (2016: €8,400).

Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá clár amháin ag an Vóta maidir le bainistiú Chlárlann na Talún agus Clár na nGníomhas. Tá an caiteachas uile faoin gclár seo riaracháin i nádúr. Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000)

		2017		2016
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	23,777	22,959	21,953
ii	Taisteal agus cothú	110	93	108
iii	Costais oiliúna agus forbartha agus teagmhasacha	1,300	1,012	4,116
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	800	673	681
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE	1,817	1,941	1,355
vi	Costais áitreabh oifige	462	432	571
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus polasaithe	25	2	15
		28,291	27,112	28,799

Athrúcháin shuntasacha

i. Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar an mheastacháin €23.78 milliún, toradh: €22.96 milliún

Bhí an easnamh caiteachais de €0.817 milliún mar gheall ar leibhéal foirne a bheith níos lú ná an leibhéal réamh-mheasta foriomlán don chuid mhór den bhliain. Thárla sé seo toisc ar moilleanna sa phróiseas earcaíochta.

ii. Costais oiliúna agus forbartha

Soláthar an mheastacháin €1.3 milliún, toradh: €1.012 milliún

Bhí an easnamh caiteachais de €0.288 milliún mar gheall ar an soláthar maidir le héilimh chúitimh faoi S120 den Acht Chláru Gníomhas agus Teidil 1964 nach n-úsáidfidh iad ina iomláine in 2017. Tá méid iarbhir agus uainiú na n-íocaíochtaí sin neamhchinnte.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

	2017		2016
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse phoiblí	506	688	750
Iomlán	506	688	750

Athrúcháin shuntasacha

Ina iomláine, bhí leithreasáí-i-gcabhair €182,000 níos mó ná an meastachán .

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

- Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse phoiblí*
Soláthair an mheastachán: €0.51 milliún, toradh: €0.69 milliún
D'eascair an éagsúlacht de bharr níos mó ná iontógáil measta na n-asbhaintí a bhaineann le pinsin. Is deacair meastachán cruinn a dhéanamh ar na fáltais sin.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	1,599	1,088
Táillí Chlárlann na Talun	60,828	56,782
Táillí Chlárlann na nGníomhas	1,371	1,575
Táillí bhunchíosanna	71	71
Íoctha leis an Státchiste	(61,756)	(57,917)
Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig	2,113	1,599

Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

5.1 Líon na bhfostaithe

	2017	2016
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimsire)	500	481

5.2 Pá

	2017	2016
	€000	€000
Pá	21,218	20,415
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise	18	5
Liúntais eile	72	59
Ragobair	256	209
ÁSPC an Fhostóra	1,395	1,265
Pá lomlán	22,959	21,953

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2017 €	2016 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise	13	---	3,020	5,138
Liúntais eile	23	---	7,700	7,518
Ragobair	142	1	12,232	8,914
Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin	11	3	12,993	12,364

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana de €236,057(134 cás) (2016: €192,983 (89 cás)). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm do €107,784 as sin.

Nóta 6 Ilnéitheacha

6.1 Cúiteamh Alt 120

Tá gach teideal atá cláraithe ar an gClár Talún ráthaithe ag an Stát. Foráiltear in Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil 1964 go n-íocfar cúitimh (agus pé chostais cuí) i leith cailteanais a tharlaíonn d'aon duine trí bheith ag brath ar an gClár agus nach é nó a ghníomhaire is cúis leis an gcaillteanas, nó nár cuidigh go substaintiúil leis an gcaillteanas trí gníomh, faillí nó mainneachtain. Iocadh 14 íocaíocht cúitimh faoi Alt 120 i 2017 (2016: 22), agus leagtar amach na costais iomlána seo thíos.

Déantar na costais dlí a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas -

				2017	2016
	Líon na gcásanna	Costais dlí bronnta €000	Cúiteamh bronnta €000	Iomlán €000	Iomlán €000
Éilimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil 1964	14	39	40	79	128

6.2 Dlíteanas teagmhasach

Tá an tÚdarás páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dlíteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá neamhchinnteacht ag baint le haon mhéid iarbhír nó faoi cé uair a tharlóidh na dlíteanais ionchais. Tá cásanna Alt 120 a ndearnadh tagairt dóibh thuas agus na cásanna foláí a tugadh faoi deara sa Ráiteas ar Rialú Imheánaigh Airgeadais san áireamh anseo.

6.3 Cónascadh

Mar chuid de Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, rinneadh an Rialtas cinneadh ar 31 Deireadh Fómhair 2012 chun an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chónascadh. Mar thoradh air sin, cruthófar eagraíocht nua, ar a dtabharfar Tailte Éireann. Beidh Tailte Éireann freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear córas clárúcháin réadmhaoine an Stáit, bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit, seirbhís luachála réadmhaoine an Stáit agus forbairt agus cothabháil faisnéise geospásúil an Stáit.

Is gá le reachtaíocht phríomha chun an t-aonán nua a bhunú. Tá dréachtú an Bhille um Tailte Éireann chun soláthar a dhéanamh don chónascadh fós ag dul ar aghaidh.

Aistríodh an fhreagracht as Tailte Éireann a bhunú go dtí an Roinn Pleanála Tithíochta agus Rialtais Áitiúil ó 1 Eanáir 2018 a thuilleadh ar aistriú an Oifigeach Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Údarás Clárúcháin Maoine chuig an Roinn sin ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.